
Ceol na Sraithe Sóisearaí

# Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí Nuashonraithe Nollaig 2025

Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí

| Meán Fómhair 2017 | Nollaig 2025 - Leasuithe |
|---|---|
| 1.13 comparáid a dhéanamh idir léamha nó socruithe éagsúla de phíosaí ceoil traidisiúnta nó ceoil tíre, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile | 1.13 comparáid a dhéanamh idir léirmhínithe nó cóirithe difriúla ar phíosa ceoil thraidisiúnta Éireannacha agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus tionchair eile |
| 2.8 anailís a dhéanamh ar struchtúr cordúil sleachta ó réimse amhrán agus liosta amhrán a chur le chéile ina mbeidh struchtúir agus réimnithe corda comhchosúla | 2.8 anailís a dhéanamh ar réimnithe corda sleachta ó réimse amhrán agus liosta amhrán a chur le chéile ina mbeidh réimnithe corda comhchosúla |
| 2.9 idirdhealú a dhéanamh idir sondais, réimsí agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; a shainaithint conas a léirítear na fuaimeanna sin agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh | 2.9 idirdhealú a dhéanamh idir raonta agus tondathanna na roghanna uirlisí agus guthanna; an chaoi a léirítear na fuaimeanna sin a shainaithint agus a láidreachtaí agus a dteorainneacha i dtaibhiú a mholadh |
| 3.3 staidéar a dhéanamh ar stíl chomhaimseartha nó stairiúil ceoil faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as gléasanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar thionchar stíleanna eile uirthi | 3.3 staidéar a dhéanamh ar stíl chomhaimseartha nó stairiúil ceoil faoi leith; anailís a dhéanamh ar a struchtúir agus a húsáid as seifteanna ceoil, agus cur síos a dhéanamh ar na naisc cheoil atá ag an stíl sin le stíleanna eile |
| 3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla/sleachta ceoil a chomhoiriúnú le téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le teacht leis an téacs | 3.6 ceangal a dhéanamh idir sleachta ceoil agus téacsanna éagsúla (focail, scannán, teanga) agus údar a thabhairt leis na cúiseanna lenar roghnaíodh an píosa ceoil sin le dul leis an téacs |
| 3.9 scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (e.g. saobhadh, aisfhuaimniú, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu | 3.9 iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála (m.sh. saobhadh, aisfhuaimniú, peanáil) ar an bpróiseas taifeadta; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí den sórt sin atá iontu |




# Ceol na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe Nuashonraithe Nollaig 2025

[Treoirlínte Measúnaithe](#)

| **Samhain 2021** | **Nollaig 2025 - Leasuithe** |
|---|---|
| l. 24 **MRB 2 Na Gnéithe Cáilíochta**<br>Ag teacht leis na hionchais, 1ú pointe urchair**:**<br><br>Tugtar roinnt eolas agus sonraí spéisiúla faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar roinnt léargas i dteannta tacaíochtaí maithe don éisteoir | l. 28 **MRB 2 Na Gnéithe Cáilíochta**<br>Ag teacht leis na hionchais, 1ú pointe urchair**:**<br><br>Tugtar roinnt eolais agus sonraí spéisiúla, atá gonta, faoi na píosaí sa Nóta Cláir, agus tugtar tacaíochtaí maithe don éisteoir |

## Eolas nua in Eagrán na Nollag 2025

l. 14 **Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta a chur i gcrích,** An 3ú halt:
Is féidir leis na scoláirí Machnamh an Scoláire a chur isteach do gach píosa i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun a gcuid machnaimh ar a saothair chumtha a thabhairt le fios.

Féach freisin l. 14 sa mhír **Punann Chumadóireachta: Comhairle don scoláire**.

l. 22 **Ullmhúchán an scoláire,** An 2ú halt:

Ba cheart do na múinteoirí a chinntiú gurb é obair na scoláirí féin atá i gceist leis an eolas a thugtar i Nóta Cláir na scoláirí. Ní mór a mheabhrú do na scoláirí gur gá an t-eolas a aimsíonn siad a phróiseáil ach é a léamh, a thuiscint agus ansin é a ullmhú ina bhfocail féin. Níor cheart do na scoláirí an t-ábhar a chóipeáil go díreach óna bhfoinsí taighde.

l. 24 **Nóta Cláir: Comhairle don scoláir**, An 2ú halt
Agus an Nóta Cláir á ullmhú, leagtar béim ar an achoimre ar an bpríomheolas ar mhaith leat aird an lucht éisteachta nó an éisteora a dhíriú air. Ba cheart don Nóta Cláir a bheith gonta agus ba cheart mionsonraí rófhada, casta, nach bhfuil gá leo, a sheachaint. Agus an Nóta Cláir á ullmhú, tá sé tábhachtach do chuid focal féin a úsáid agus an méid atá foghlamtha agat a mhíniú. Agus taighde á dhéanamh agat ar shuíomhanna gréasáin éagsúla: léigh an t-eolas, smaoinigh faoin nasc atá aige leis an gceol a sheinnfidh tú, agus ansin cuir an Nóta Cláir le chéile i do chuid focal féin.

l.29 **Tuairisciú ar ghnóthachtáil sa Nóta Cláir:**

Is é an tuairisceoir a úsáidtear i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2, Nóta Cláir, an ceann ‘is oiriúnaí’ agus a léiríonn gnóthachtáil iomlán an scoláire i ndáil le rúin, comhthéacsanna agus léargas ceoil a dtaibhithe ar na bacáin a chur in iúl.